SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH

# ROINN NA NUA-GHAEILGE

## AN CHÉAD BHLIAIN

## 2023–2024

# Roinn na Nua-Ghaeilge

## An Chéad Bhliain

Míle fáilte romhat!

Is cúis áthais dúinn gur roghnaigh tú an Nua-Ghaeilge mar ábhar ollscoile agus táimid ag súil le bheith ag obair leat agus tú ar thuras intinne agus samhlaíochta trí ghort an chultúir dhúchais, idir shean agus nua. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as do chuid staidéir ar ábhar atá lárnach i gcultúr na hÉireann agus dúshlánach san Eoraip nua.

Féachaimid le mic léinn a oiliúint ar bhealaí éagsúla. Tugaimid **eolas** dóibh ar litríocht agus ar theanga na Gaeilge, ar a stair agus ar a nósanna, ar a hoidhreacht agus ar a bhfuil ar siúl lenár linn féin. Múinimid **labhairt agus scríobh na teanga** dóibh. Tugaimid deis dóibh **scileanna machnaimh agus anailíse** a fhorbairt trí léitheoireacht chúramach a dhéanamh.

Tá sé práinneach eolas a chur ar an **leabharlann** go luath. Eagraíonn foireann na leabharlainne turais eolais do lucht na chéad bhliana. Cuireann an fhoireann fáilte roimh cheisteanna i gcónaí.

**Is í an Ghaeilge féin croílár na Roinne. Is trí Ghaeilge a thugtar léachtaí agus ceardlanna agus is tríthi a dhéantar gnó ar fad na Roinne.**

Moltar duit freastal ar oiread imeachtaí Gaeilge agus is féidir i gcaitheamh na bliana. D'fhéadfá clárú i gCumann Gaelach an choláiste, **Cuallacht Cholm Cille**. D'fhéadfá freastal ar chomhdháil acadúil a chuirimid ar bun gach bliain, san earrach: *Léachtaí Cholm Cille*. Ba chóir éisteacht go rialta le Raidió na Gaeltachta agus féachaint ar TG4. Má bhíonn drámaí nó ceolchoirmeacha Gaeilge ar siúl i mBaile Átha Cliath, is maith is fiú dul ann. Is mór is fiú freisin leas a bhaint as https://vifax.maynoothuniversity.ie/, as www.beo.ie, as www.nos.ie agus as www.tuairisc.ie. I Seomra STAR i Lárionad na Gaeilge is féidir leat úsáid a bhaint as pacáistí ríomhaire don Ghaeilge le feabhas a chur ar do chuid Gaeilge féin—beidh teicneoir sinsearach Lárionad na Gaeilge (Seomra 50) sásta úsáid na n-áiseanna seo a mhíniú duit ach coinne a shocrú leis.

Bain úsáid as www.teanglann.ie, www.tearma.ie agus www.focloir.ie agus tú i mbun obair scríofa. Taispeánfar feidhmeanna na suíomh seo sna chéad léachtaí. Tá fáil ar *Gramadach na Gaeilge – an Caighdeán Oifigiúil* ag an nasc seo a leanas. Bainfear úsáid as sna léachtaí teanga: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/caighdeanOifigiul/2017/2017-08-03_an-caighdean-oifigiuil-2017_en.pdf
Breathnaigh ar an suíomh seo a leanas: www.scriobh.ie. Tá réimse leathan eolais ansin a bhaineann go díreach le scríobh na Gaeilge.

# An Chéad Bhliain: Eolas Ginearálta

## 1. Caithfidh tú freastal ar gach rang de na ranganna seo a leanas:

**(a) Trí léacht sa tseachtain**: Má bhíonn tú as láthair as léacht de bharr tinnis, tabhair teastas dochtúra do rúnaí Roinn na Gaeilge (Seomra 20) nuair a fhilleann tú ar an Ollscoil. Má bhíonn tú as láthair ar chúis cheart eile, mínigh an scéal do do léachtóir nó do chomhairleoir na chéad bhliana. Ní ghlacfar le teastais ag deireadh an tseimeastair ar fad i bhfad i ndiaidh thréimhse an tinnis.

**(b) Ceardlann teanga in aghaidh na seachtaine:** Cuirfear siollabas na Chéad Bhliana i bhfeidhm sna Ceardlanna seo. Díreofar ar na scileanna teanga agus cumarsáide seo a leanas: an scríbhneoireacht, an chaint, an léamhthuiscint agus an chluastuiscint.
Bainfear úsáid as cur chuige na foghlama cumaisc ('*blended learning*') sna ceardlanna agus beidh trí chuid i gceist leo:

(i) **obair neamhspleách ar líne** gach seachtain (thart ar 1.5 uair an chloig)
(ii) **seisiún beo gach seachtain** le do theagascóir agus grúpa beag mac léinn (2 uair an chloig)
(iii) **tascanna aonair** scríofa agus labhartha (3 thasc gach seimeastar)

Beidh na trí ghné seo den chúrsa **riachtanach**. Coinneofar taifead ar an obair neamhspleách a dhéanfaidh tú ar Moodle, bronnfar marcanna rannpháirtíochta bunaithe ar na seisiúin bheo agus bronnfar marcanna ar na tascanna aonair.

Ní mór duit **clárú** le haghaidh na gceardlann ag tús na bliana. Mura bhfeiceann tú d'ainm ar liostaí na gceardlann, caithfidh tusa an scéal a chur in iúl don Roinn láithreach.
Ní mór duit freastal ar an seisiún beo gach seachtain. Má bhíonn tú as láthair as ceardlann, tá sé tábhachtach go míneoidh tú an scéal do do theagascóir. Sa chás go mbíonn tú tinn, tabhair teastas dochtúra do rúnaí Roinn na Nua-Ghaeilge (Seomra 20) agus cuir cóip i ríomhphost chuig do theagascóir, ionas nach gcaillfidh tú marcanna.

**Beidh tuilleadh eolais faoi na ceardlanna ar fáil ar leathanach Moodle MC:NG100.**

**Maidir le GACH píosa oibre scríofa nó labhartha a thabharfaidh an mac léinn isteach, ní mór don mhac léinn a c(h)óip phearsanta féin den obair a choinneáil agus a chur ar fáil don Roinn sa chás go n-iarrfaí a leithéid am ar bith.**

**Bradaíl ('Plagiarism')**

Is ionann bradaíl agus saothar duine eile a chóipeáil, a áireamh nó a thabhairt go díreach gan aitheantas ceart a thabhairt don duine sin. Má leagann aon mhac léinn ábhar scríofa isteach a mbaineann amhras na bradaíola leis, fiosrófar an cás agus déileálfaidh an Roinn leis de réir pholasaí na hOllscoile atá leagtha amach ag an láthair seo a leanas:
https://www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/filefield_paths/MU%20Policy%20on%20Plagiarism%20and%20Academic%20Integrity_Sept%202022.pdf

## 2. Téacsleabhair:

**Caithfidh tú** roinnt leabhar a cheannach—'téacsleabhair' a thugtar ar na leabhair seo sa leabhrán seo. Bíonn 'léitheoireacht bhreise' i gceist chomh maith—is féidir na leabhair /na hailt seo a fháil sa leabharlann.

Ní mór go mbainfeadh gach mac léinn úsáid rialta as na leabhair thagartha seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ó Dónaill, N. | *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath) |
| De Bhaldraithe, T. | *English Irish Dictionary* (Baile Átha Cliath) |
| Tithe an Oireachtais | *Gramadach na Gaeilge — An Caighdeán Oifigiúil* |

Tá leagan leictreonach de na téacsanna seo ar fáil ar www.teanglann.ie agus ar https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/caighdeanOifigiul/2017/2017-08-03_an-caighdean-oifigiuil-2017_en.pdf.

## 3. Comhairleoir:

Má bhíonn aon deacracht agat a bhaineann le cúrsa na Gaeilge, is féidir leat cabhair a fháil ó chomhairleoir na chéad bhliana:

| **Comhairleoir** | **Seomra** | **Ar fáil** |
|---|---|---|
| Tracey Ní Mhaonaigh | 26 | Fógra ar dhoras an léachtóra |

Beidh an comhairleoir ar fáil ar bhonn rialta. Molaimid go láidir go gcuirfeá ar an eolas í mar gheall ar aon chúinsí a chuirfidh isteach ar do chuid oibre. Is féidir coinne faoi leith a shocrú léi ach nóta ríomhphoist a chur chuici: tracey.nimhaonaigh@mu.ie.

Seoladh ríomhphoist na Roinne: nua.ghaeilge@mu.ie.

- Seiceáil do chuntas **oifigiúil** ríomhphoist (...@mumail.ie) go rialta—is chuige sin a chuirfear aon teachtaireacht a bhaineas le hobair na Chéad Bhliana.

- Breathnaigh go rialta ar chlár na bhfógraí sa Roinn—is ann a chrochfar liostaí na ranganna, torthaí agus fógraí eile.

## 4. Scrúdú cainte, scrúduithe scríofa, agus measúnú leanúnach:

Déantar measúnú ar do chuid oibre ar na bealaí seo a leanas:

(a) Scrúduithe scríofa agus/nó aistí ag deireadh gach seimeastair.

(b) Scrúdú cainte ag deireadh Sheimeastar 2.

(c) Measúnú leanúnach ar a n-áirítear rannpháirtíocht agus tascanna scríofa agus labhartha.
Is fiú cuid mhaith de mharcanna iomlána na chéad bhliana an measúnú leanúnach—is é sin le rá an obair a dhéantar sa cheardlann—féach 1(b) thuas. Dá

bhrí sin ní mór duit a chinntiú go mbíonn tú i láthair ag na ceardlanna seo.

**Seasann marcanna an mheasúnaithe leanúnaigh san Fhómhar**

**Bítear ag súil le hardchaighdeán Gaeilge i ngach gné den obair scríofa agus labhartha, agus sna scrúduithe.**

Bronnfaidh Roinn na Nua-Gaeilge duaiseanna ar na mic léinn a bhainfidh amach na marcanna is airde i scrúduithe na chéad bhliana.

## 5. An Droichead: Ionad Tacaíochta na Gaeilge

Tá Ionad Tacaíochta ar fáil dóibh siúd atá ag streachailt le gnéithe bunúsacha na teanga scríofa.

Cuirfear mic léinn na chéad bhliana **faoi scrúdú go luath sa bhliain** agus iarrfar orthu siúd nach mbainfidh an sprioc amach freastal ar an Ionad Tacaíochta seo, áit a gcuirfear an cúnamh breise atá de dhíth orthu ar fáil dóibh saor in aisce.

## 6. Eolas breise:

Má bhíonn aon cheist agat i dtaobh rud ar bith nach dtuigeann tú sa leabhrán seo, déan coinne le duine de chomhairleoirí na Chéad Bhliana (féach 3 thuas).

**Más suim leat bheith i do mhúinteoir Gaeilge, beidh ort bheith in ann fianaise a chur ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil trí mhí ar a laghad caite agat sa Ghaeltacht. Bíonn ar gach múinteoir clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus ní chlárófar múinteoirí Gaeilge nach gcomhlíonann an riachtanas thuasluaite.**
**Breis eolais ar fáil ag: www.teachingcouncil.ie**

## 7. Tacaíochtaí eile:

Má bhíonn aon cheist agat i dtaobh do chláir ná i dtaobh na gconairí éagsúla atá ar fáil duit, déan teagmháil leis na hoifigí seo a leanas:

**The Programme Advisory Office:** (Room 1.17, ground floor Rowan House)
Rphost: programme.choices@mu.ie
Guthán: 01 474 7428
Suíomh: www.maynoothuniversity.ie/programme-advisory-office

**The Experiential Learning Office:** (Room 1.18, ground floor Rowan House)
Rphost: Aisling.Flynn@mu.ie
Guthán: 01 474 7760
Suíomh: https://www.maynoothuniversity.ie/experiential-learning-office

## EOLAS MAIDIR LE LÉACHTAÍ NA CHÉAD BHLIANA

## Seimeastar 1

### NG151 TEANGA AGUS LITRÍOCHT NA GAEILGE 1

Tá dhá chuid i gceist leis an modúl seo: i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1, agus ii) Léamh na Litríochta 1.

### i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1

Cúrsa ar ghramadach agus ar chruinneas sa Ghaeilge scríofa. Déanfar cleachtaí ar scríobh na teanga sna léachtaí agus díreofar ar na scileanna teanga agus cumarsáide seo a leanas sna ceardlanna: an scríbhneoireacht, an chaint, an léamhthuiscint agus an chluastuiscint.

**2 léacht** in aghaidh na seachtaine.
**Ceardlann** teanga in aghaidh na seachtaine, a mbeidh obair neamhspleách agus seisiún beo i gceist léi

**Leabhair Thagartha:**


De Bhaldraithe, Tomás (1959) *English-Irish Dictionary* (Oifig an tSoláthair).
Mac Murchaidh, Ciarán (2016) *Cruinnscríobh na Gaeilge*. (Cois Life: Baile Átha Cliath)
Ó Dónaill, Éamonn (2016) *Gramadach gan Stró!* (Gaelchultúr Teoranta).
Ó Dónaill, Niall [eag.] (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Oifig an tSoláthair).
Tithe an Oireachtais (2017) *Gramadach na Gaeilge — An Caighdeán Oifigiúil* (Baile Átha Cliath).

## ii) Léamh na Litríochta 1

**Léacht amháin** in aghaidh na seachtaine.

Sa chuid seo den chúrsa tabharfar 6 léacht ar an scéalaíocht dhúchais, idir scéalta Rúraíochta agus scéalta Fiannaíochta, agus 6 léacht ar an nuafhilíocht.

### SCÉALAÍOCHT DHÚCHAIS

Léifear agus pléifear scéalta a bhaineann le beirt mhórlaochra na tíre seo, Cú Chulainn agus Fionn Mac Cumhaill, sa chéad chuid den chúrsa. Tabharfar 3 léacht ar Chú Chulainn agus cuid de na scéalta Rúraíochta a bhaineann leis, agus 3 léacht ar Fhionn Mac Cumhaill agus na scéalta Fiannaíochta a phléann lena óige. Déanfar codarsnacht agus comparáid idir na laochra, agus pléifear téamaí agus cúrsaí stíle sna scéalta chomh maith.

### NUAFHILÍOCHT

Sa chuid seo den mhodúl beidh dánta le filí éagsúla á léamh againn agus beimid ag díriú ar théamaí ar leith, ina measc an grá, an bás, an coimhthíos, an fhrithbheartaíocht, agus eispéireas an duine sa Nua-aimsir. Tabharfar 6 léacht ar an nuafhilíocht a dhíreoidh ar scileanna mionanailíse agus grinnléitheoireachta a fhorbairt. Chuige sin, pléifimid roinnt dánta agus beidh plean ar leith againn le hanailís a dhéanamh ar gach dán. Cuideoidh an ghrinnléitheoireacht leat plean aiste a cheapadh agus struchtúr a chur le do chuid smaointe.
Cuirfear téacsaí ar fáil do mhic léinn ar Moodle.

| | |
|---|---|
| **Téacsleabhair:** | Cuirfear téacsanna ar fáil le linn an chúrsa. |
| **Leabhar Tagartha:** | Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, Máirín, *Traidisiún Liteartha na nGael*, An Clóchomhar 1985 (1979). |

Sonrófar leabhair thagartha eile le linn an chúrsa.

# MEASÚNÚ NG151

(a) Measúnú leanúnach ar a n-áirítear rannpháirtíocht sna ceardlanna teanga agus tascanna scríofa agus labhartha.

(b) Deireadh an chúrsa:

a. Scrúdú scríofa teanga
b. Scrúdú scríofa agus/nó aistí litríochta.

**NB**
**Le pas a fháil sa mhodúl seo, caithfidh an mac léinn 40%, ar a laghad, a fháil: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil.**

Toisc gur den riachtanas é go sroichfeadh mic léinn íoschaighdeán sa Ghaeilge scríofa, tá **coinníoll modúil** ag baint leis an modúl seo (NG151). Ní mór do mhic léinn 40%, ar a laghad, a bhaint amach agus sciar na litríochta agus sciar na gramadaí curtha le chéile. Bronnfar 35% ar mhac léinn ar bith nach gcomhlíonfaidh an coinníoll seo.

[As it is vital that students meet a minimum competency standard in written Irish, there is a **module condition** in this module (NG151). Students must achieve a mark of at least 40% across the literature and grammar components of the assessment. If this condition is not met the module result is capped at 35%.]

# <u>Seimeastar 2</u>

## NG152 TEANGA AGUS LITRÍOCHT NA GAEILGE 2

Arís, tá dhá chuid i gceist leis an modúl seo: i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2, agus ii) Léamh na Litríochta 2.

### i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2

**Leabhair thagartha:** Leanfar le téacsanna an chéad seimeastair.

**2 léacht** in aghaidh na seachtaine.
**Ceardlann** teanga in aghaidh na seachtaine, a mbeidh obair neamhspleách agus seisiún beo i gceist léi.

### ii) Léamh na Litríochta 2

Beidh an chuid seo den chúrsa bunaithe ar an leabhar *Gluaiseacht* le Alan Titley. Chomh maith le mionphlé ar ábhar an scéil, déanfar scrúdú ar straitéisí léitheoireachta a chabhróidh le mic léinn saothair Ghaeilge a léamh agus a léirmhíniú le linn na céime agus ina diaidh.

**Téacsleabhar**: Titley, A., *Gluaiseacht* (An Gúm, 2009)

**Pléifear léitheoireacht thánaisteach ag tús an chúrsa.**

## MEASÚNÚ NG152

(a) Measúnú leanúnach ar a n-áirítear rannpháirtíocht sna ceardlanna teanga agus tascanna scríofa agus labhartha.
(b) Scrúdú cainte ag deireadh Sheimeastar 2.
(c) Deireadh an chúrsa:
   a. Scrúdú scríofa teanga
   b. Scrúdú scríofa agus/nó aistí litríochta.

**Sa chás go dteipeann ar mhac léinn sa mhodúl seo ní mór dó/di an scrúdú scríofa AGUS an scrúdú cainte a athdhéanamh san Fhómhar.**

**NB**
**Le pas a fháil sa mhodúl seo, caithfidh an mac léinn 40%, ar a laghad, a fháil: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil.**

Toisc gur den riachtanas é go sroichfeadh mic léinn íoschaighdeán sa Ghaeilge scríofa agus labhartha, tá **dhá choinníoll modúil** ag baint leis an modúl seo (NG152). Ní mór do mhic léinn 40%, ar a laghad, a bhaint amach sa pháipéar scrúdaithe, agus 40%, ar a laghad, sa scrúdú cainte. Bronnfar 35% ar mhac léinn ar bith nach gcomhlíonfaidh an **dá** choinníoll seo.

[As it is vital that students meet a minimum competency standard in written and spoken Irish, there are **two module conditions** in this module (NG152). A student must achieve a mark of at least 40% on the examination paper. A student must also achieve a mark of at least 40% in the oral examination. If **either** of these conditions are not met the module result is capped at 35%.]

# Amchlár Léachtaí na Chéad Bhliana

## Seimeastar 1

| CÓD | LÁ | AM | LÁTHAIR | CÚRSA |
|---|---|---|---|---|
| NG151 | Máirt | 9 a.m. | CH (Halla Callan) | An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1 |
| NG151 | Céadaoin | 1 i.n. | CH (Halla Callan) | An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1 |
| NG151 | Déardaoin | 11 a.m. | CH (Halla Callan) | Léamh na Litríochta 1 |

***Tá Halla Callan ar an seanchampas**

## Seimeastar 2

| CÓD | LÁ | AM | LÁTHAIR | CÚRSA |
|---|---|---|---|---|
| NG152 | Máirt | 9 a.m. | CH (Halla Callan) | An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2 |
| NG152 | Céadaoin | 1 i.n. | JHL2 | An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2 |
| NG152 | Déardaoin | 11 a.m. | CH (Halla Callan) | Léamh na Litríochta 2 |